

# Príomhtheachtaireachtaí: Úsáid ábhar frithmhiocróbach i suíomhanna cúram sláinte

---

Sa tréimhse 2016-2017, rinne ECDC comhordú ar an dara suirbhé poncleitheadúlachta ar ionfhabhtuithe atá bainteach le cúram sláinte agus le húsáid ábhar frithmhiocróbach in ospidéal ghéarchúraim san Eorpach agus an tríú suirbhé poncleitheadúlachta ar ionfhabhtuithe atá bainteach le cúram sláinte agus le húsáid ábhar frithmhiocróbach i saoráidí cúraim fadtéarmacha san Eoraip. Tá achoimre ar na torthaí le fáil i dtrí alt *Eurosurveillance*:

[Antimicrobial use in European acute care hospitals: results from the second point prevalence survey \(PPS\) of healthcare-associated infections and antimicrobial use, 2016 to 2017.](#) Euro Surveill. 2018;23(46):1800393. Plachouras D, Kärki T, Hansen S, Hopkins S, Lyytikäinen O, Moro ML, et al.

[Antimicrobial use in European long-term care facilities: results from the third point prevalence survey of healthcare-associated infections and antimicrobial use, 2016 to 2017.](#) Euro Surveill. 2018;23(46):1800394. Ricchizzi E, Latour K, Kärki T, Buttazzi R, Jans B, Moro ML, et al.

[Prevalence of healthcare-associated infections, estimated incidence and composite antimicrobial resistance index in acute care hospitals and long-term care facilities: results from two European point prevalence surveys, 2016 to 2017.](#) Euro Surveill. 2018;23(46):1800516. Suetens C, Latour K, Kärki T, Ricchizzi E, Kinross P, Moro ML, et al.

**Tá na príomhtheachtaireachtaí bunaithe ar thorthaí na suirbhéanna poncleitheadúlachta.**

## Úsáid ábhar frithmhiocróbach in ospidéal ghéarchúraim san Eoraip

---

*Sábháiltear beatha le gníomhairí frithmhiocróbacha chun ionfhabhtuithe a chóireáil, ach trí ró-úsáid a bhaint as ábhair fhrithmhiocróbacha, d'fhéadfadh éifeachtaí díobhálacha níos minice a bheith mar thoradh air agus micrea-orgánaigh atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí ag teacht chun cinn.*

Fuair 1 othar as 3 othar ábhar frithmhiocróbach amháin ar a laghad ar aon lá áirithe.

Uaireanta tugtar ábhair fhrithmhiocróbacha d'othair chun ionfhabhtuithe a chosc, mar shampla chun ionfhabhtuithe a chosc maidir le nósanna imeachta máinliachta.

Ordaíodh 1 as 2 chúrsa próifíolacsais máinliachta ar feadh níos mó ná lá amháin.

De ghnáth, is leor dáileog amháin do phróifíolacsas máinliachta. Tá próifíolacsas máinliachta faidreiseach ina fhoinse shuntasach d'úsáid neamhriachtanach frithmhiocróbán in ospidéal, agus is gá aghaidh a thabhairt air sin ar fud na hEorpa.

Bhain 1 as gach 10 oideas frithmhiocróbach le próifíolacsas míochaine, agus níl ach líon teoranta tásca ann ina leith sin.

Mar sin d'fhéadfadh cion na n-oideas frithmhiocróbach do phróifíolacsas míochaine a bheith ina úsáid neamhriachtanach.

Bhí cion na n-antaibheathach speictrim leathan ar fud na hEorpa idir 16% agus 62%.

Níl antaibheathaigh speictrim leathan riachtanach i gcónaí agus spreagann a n-úsáid frithsheasmhacht in aghaidh ábhar fhrithmhiocróbach. Léiríonn an éagsúlacht leathan ina n-úsáid an riachtanas atá ann athbhreithniú a dhéanamh ar a dtásca i mórán tíortha agus ospidéal.

Tugadh 7 as 10 gcinn de fhrithmhiocróbáin go paireintreach. Níor tuairiscíodh malartú ó phaireintreach go béal ach amháin i 4% de na hoidis a bhaineann le frithmhiocróbáin phaireintreacha.

Thuairiscigh 76% d'ospidéal go raibh treoirínite maidir le húsáid fhrithmhiocróbach ar fáil. Thuairiscigh 54% d'ospidéal go raibh roinnt ama foirne tiomnaithe acu le haghaidh maoirseachta frithmhiocróbaigh.

## Úsáid ábhar frithmhiocróbach i saoráidí cúram fadtéarmacha

---

*Déantar frithmhiocróbáin a ordú go coitianta agus cuireann siad leis an bhforbairt d'fhrithsheasmhacht frithmhiocróbach i saoráidí cúram fadtéarmacha (LTCFanna).*

Fuair 1 cónaitheoir as 20 frithmhiocróbán amháin ar a laghad ar aon lá áirithe.

Ordaíodh 7 as 10 gcinn de fhrithmhiocróbáin chun ionfhabhtú a chóireáil agus 3 as 10 gcinn le haghaidh próifíolacsais.

Tugadh 3 as 4 de na cúrsaí próifíolacsais chun cosc a chur ar ionfhabhtuithe chonair an fhuail. Cé go bhféadfadh an cleachtas seo an baol ionfhabhtaithe i measc na mban a laghdú, níl aon fhianaise ann maidir lena éifeachtúlacht nuair a chuirtear e i bhfeidhm go forleathan ar othair scothaosta. Ina theannta sin, baineann an cleachtas seo le frithsheasmhacht mhéadaithe in aghaidh ábhar fhrithmhiocróbach. Mar sin, d'fhéadfadh an chuid is mó de chúrsaí próifíolacsais a bheith ina n-úsáid neamhriachtanach d'fhrithmhiocróbáin.

Ag brath ar an tír ata i gceist, tá treoirínite ar úsáid frithmhiocróbach ag gach ceann de na LTCFanna nó ag ceann ar bith díobh. Thairis sin, ní bhíonn oiliúint rialta ach ag 1 as 5 LTFC maidir le frithmhiocróbán a oideasú.

# Ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha in ospidéal ghéarchúraim agus i saoráidí cúraim fadtéarmacha san Eoraip

---

Cé gur féidir roinnt HAIanna a chóireáil go héasca, d'fhéadfadh cinn eile dul go mór do shláinte an othair, rud a mhéadaíonn an tréimhse san ospidéal agus na costais ospidéal araon. Bíonn HAIanna in ospidéal amháin ina gcúiseanna le níos mó básanna san Eoraip ná aon ghalar tógalach eile atá faoi fhaireachas ag ECDC.

Ar aon lá áirithe:

- Tá HAI amháin ar a laghad ag 1 as 15 othar san ospidéal;
- Tá HAI amháin ar a laghad ag 98 000 othar;
- Tá HAI amháin ar a laghad ag 1 as 24 cónaitheoir i saoráidí cúraim fadtéarmacha;
- Tá HAI amháin ar a laghad ag 124 000 cónaitheoir.

Meastar gur tharla 8.9 milliún HAI gach bliain in ospidéal agus i saoráidí cúraim fadtéarmacha san Eoraip le chéile.

Bíonn HAIanna in ospidéal (mar shampla, niúmóine, ionfhabhtuithe láithreáin máinliachta agus ionfhabhtuithe sruth na fola) níos déine de ghnáth agus bíonn tionchar níos mó acu ná HAIanna i saoráidí cúraim fadtéarmacha (mar shampla, ionfhabhtuithe riospráide seachas niúmóine, ionfhabhtuithe chonair an fhuail agus ionfhabhtuithe craicinn agus fíochán bog).

Meastar go bhfuil níos mó ná leath an mhéid de HAIanna ar leith inchoiscthe.

Déantar HAIanna a chóireáil go minic gan samplaí micribhitheolaíocha a ghlacadh nó bíonn samplaí diúltach fós.

Sainaitníodh an miocroorgánach a bhí freagrach i 53% de HAIanna in ospidéal ach níor sainaitníodh é ach i 19% de na HAIanna i saoráidí cúraim fadtéarmacha.

Bhí 1 bhaictéar as 3 a bhaineann le HAIanna, in ospidéal agus i saoráidí cúraim fadtéarmacha araon, frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach.

*Cad is suirbhé Poncleitheadúlachta ann? Is éard atá i suirbhé poncleitheadúlachta ná comhaireamh ar líon na n-othar a bhfuil riocht/cóireáil ar leith orthu (sa chás seo, ionfhabhtú a bhaineann le cúram sláinte nó gníomhaire frithmhiocróbach) ag tráth áirithe (sa chás seo, lá), mar chion de líon iomlán na n-othar atá san ospidéal ag an am áirithe sin.*